# Sonraí Comhionannais agus Dámhachtainí na Comhairle Ealaíon

Tuarascáil ar mhíchumas, eitneacht agus inscne maidir le dámhachtainí aonair don bhliain 2022

Meitheamh 2023

the arts council
an chomhairle ealaíon

Anailís de chuid Lucy Michael Research, Training & Consultancy

Integration Diversity Equality Analysis.

Lucy Michael Research Training & Consultancy

CONTENTS


2 Maidir leis an tuarascáil seo

4 Achoimre ar na Torthaí

6 Inscne

10 Míchumas

14 Eitneacht

21 Tíreolaíocht

24 Iniúchadh a dhéanamh ar idirmhíreanna sna sonraí

25 Comparáid Sonraí 2021-2022


the arts council an chomhairle ealaíon

## Maidir leis an tuarascáil seo

Tá an anailís sa tuarascáil seo bunaithe ar shonraí ilchineálachta a cláraíodh mar chuid d'iarratais a rinneadh chuig an Chomhairle Ealaíon agus le haghaidh scéimeanna Chomhairle Ealaíon faoi bhainistiú Create agus na nEalaíon & an Mhíchumais de chuid na hÉireann sa bhliain 2022. Cuirtear i gcomparáid lena chéile ilchineálacht na n-iarratas agus na ndámhachtainí maidir le míchumas, eitneacht, inscne, agus nuair is féidir, suíomh geografach. Le tuiscint a fháil ar ionadaíocht dhéimeagrafach choibhneasta na n-iarratasóirí agus na bhfaighteoirí, rinneadh comparáid idir gach ceann de na méadraigh seo (nuair ab fhéidir) agus daonra na hÉireann ó Dhaonáireamh 2022.

Tugann an tuarascáil seo achoimre ar phríomhthorthaí na hanailíse sin.

Comhthéacs

Sa bhliain 2019, d'fhoilsigh an Chomhairle Ealaíon a Beartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta, ina raibh plean gníomhaíochta san áireamh. Tugaimid gealltanas i ngníomhartha na nEalaíontóirí tuilleadh faisnéise a bhailiú faoi na healaíontóirí a dhéanann iarratas ar mhaoiniú agus fúthu siúd a fhaigheann maoiniú. Tá córais nua i bhfeidhm againn le faisnéis a bhailiú maidir le míchumas, eitneacht, agus inscne agus thug muid le fios go mbeidh:

·Tuarascálacha tugtha do Choiste Beartais agus Straitéise na Comhairle Ealaíon maidir le sonraí staitistiúla.

·Tuarascáil maidir le staitisticí foilsithe go bliantúil ar shuíomh gréasáin na Comhairle Ealaíon.

Tá an tuarascáil seo an tríú tuarascáil bhliantúil ina gclúdaítear sonraí a bailíodh i rith na bliana 2022. Tugann sí sonraí orthu siúd go léir a rinne iarratas ar mhaoiniú agus a fuair é ónár nDámhachtainí Aonair (is é sin Sparánachtaí, an Dámhachtain Lúfaireachta, Next Generation, an Dámhachtain Liam O'Flynn, agus an Dámhachtain Markievicz). Tugann sí léargas chomh maith ar iarratasóirí ar scéimeanna speisialta atá eagraithe ag tríú páirtithe ar ár son - Scéim na nEalaíontóirí sa Phobal arna bhainistiú ag Create; agus Scéim Cheangal na nEalaíon agus an Mhíchumais arna bhainistiú ag Ealaíona agus Míchumas na hÉireann.

Tá na dámhachtainí seo dírithe ar fhorbairt an ealaíontóra den chuid is mó, agus is iad ealaíontóirí na hiarratasóirí agus faighteoirí más ea. In amanna, áfach, d'fhéadfadh sé gur gairmí ealaíne é an t-iarratasóir i réimse eile (m.sh. bainisteoir, riarthóir). Tá béim na tuarascála seo ar iarratais a thabharfaidh buntáiste do dhaoine seachas d'eagraíochtaí

## Nótaí maidir leis na sonraí

Cuimsítear líon de 4975 iarratas san anailís (i gcomparáid le 6,218 in 2021). Seo thíos miondealú na n-iarratas:

| Eagraíocht | Gach iarratas | Dámhachtainí | Iarratais neamhrathúla | Iarratais neamhbhailí |
|---|---|---|---|---|
| An Chomhairle Ealaíon | 4704 | 1831 | 2465 | 408 |
| Create | 139 | 60 | 68 | 11 |
| Ealaíona agus Míchumas Éireann | 132 | 25 | 86 | 21 |
| Iomlán | 4975 | 1961 | 2619 | 440 |

Maidir le rátaí freagra, tabhair faoi deara gur chinn 2.2% d'iarratasóirí gan ceisteanna ar inscne, 3.7% ar eitneacht, agus 6.7% ar mhíchumas a fhreagairt. Cé go mbeadh rátaí críochnaithe maidir leis na freagraí níos inmhianaithe, tá an coibhneas beag a dhóthain nach cosúil go mbeidh tionchar aige ar na torthaí foriomlána

## Nótaí maidir le hanailís

Ní chuimsíonn Daonáireamh 2022 staitisticí ar chatagóirí inscne, ach ar ghnéas amháin. Dá bhrí sin, cuirtear na figiúirí seo isteach mar chomparáid, ba cheart na torthaí a mheas mar tháscach.

Mar gheall ar athruithe i nDaonáireamh 2022 maidir leis an gcaoi ina ndéantar míchumas a mheas, d'fhéadfaí figiúirí Daonáirimh 2016 a úsáid ar mhaithe le comparáid a éascú.

Sa tuarascáil seo, áirítear i mBaile Átha Cliath na ceithre limistéar riaracháin údaráis áitiúil de Chathair Bhaile Átha Cliath, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, Fine Gall agus Deisceart Bhaile Átha Cliath.

Chuir Lucy Michael Research, Training and Consultancy an anailís i gcrích thar ceann na Comhairle Ealaíon.

## Achoimre ar na Torthaí

### Foriomlán

Dhírigh an anailís ar a mhéid a raibh ionadaíocht ag a leanas:

- sciar na n-iarratas de réir grúpa i gcomparáid leis an daonra
- sciar na ndámhachtainí i gcomparáid le sciar na n-iarratas
- luach na ndámhachtainí i gcomparáid le sciar na n-iarratas

Tabhair faoi deara: tagraíonn an téarma 'luach', mar a úsáidtear sa tuarascáil seo, do luach airgeadais na n-iarratas. Tagraíonn 'luach na n-iarratas' go sonrach don luach iarrtha ag iarratasóirí, ach tagraíonn 'luach na ndámhachtainí' don mhéid maoinithe faighte ag iarratasóirí.

Is iad na difríochtaí seo a leanas na cinn ba ghéire a aithníodh, agus téann siad leis na patrúin a bhí ann sa bhliain roimhe:

Inscne: Tá cion níos airde d'iarratasóirí agus d'fhaighteoirí a aithníonn iad féin mar bhaineann i gcomparáid leis an daonra ginearálta. Is iondúil gurb iad na daoine a aithníonn mar neamh-dhénártha a chuireann isteach ar agus a fhaigheann an luach dámhachtana is mó luacha.

Míchumas: Tá daoine aonair a aithníonn mar dhaoine atá faoi mhíchumas faoi ghannionadaíocht i measc na n-iarratasóirí agus na bhfaighteoirí i gcomparáid leis an daonra ginearálta. Ar an meán, is iad na daoine a d'fhreagair 'Tá' (ag tabhairt le fios go bhfuil siad faoi mhíchumas) a chuireann isteach ar agus a fhaigheann an luach dámhachtana is lú luacha.

Eitneacht: D'aithin formhór na n-iarratasóirí iad féin mar Éireannach Geal, rud atá ar aon dul le sonraí Dhaonáirimh 2022. Is airde an ráta rathúlachta freisin i measc iarratasóirí ó chúlraí Geala nó ó chúlraí Éireannacha Geala. Tá an ráta is ísle iarratas agus dámhachtainí i measc daoine aonair a aithnítear mar Eile nó Measctha, Áiseach nó Éireannach de bhunús na hÁise, Gorm nó Éireannach Gorm, nó daoine den Lucht Siúil.

Tíreolaíocht: Tá an iomarca ionadaíochta ag Baile Átha Cliath maidir le sciar na n-iarratasóirí agus na bhfaighteoirí i gcomparáid leis an daonra. Tá an iomarca ionadaíochta de bheagán chomh maith ag Corcaigh, Gaillimh, Cill Mhantáin, an Clár agus Sligeach sna hiarratais.

Bhí iomaíocht shuntasach ann do na sruthanna maoinithe seo, leis an méid agus an luach a leanas d'iarratais agus de dhámhachtainí:

Iarratais:

- 4975 iarratas seolta isteach le linn 2022
- Is é luach iomlán na n-iarratas le linn na tréimhse seo ná €41,302,533
- An meánluach iarrtha ná €9,202

Dámhachtainí:

- Bronnadh 1,916 dámhachtain sa bhliain 2022
- Bhain 19 ndámhachtain le dámhachtainí neamhairgeadaíochta
- €15,886,880 luach iomlán na ndámhachtainí le linn na tréimhse seo
- Is é €8,357 meánluach dámhachtana

## Inscne

I measc na n-iarratasóirí agus na bhfaighteoirí araon, tá an iomarca ionadaíochta de bheagán dóibh siúd a aithníonn iad féin mar bhaineann i gcomparáid le staitisticí an daonra i nDaonáireamh 2022 (fíor 1), ach bhí daoine a aithníonn mar fhireann faoi ghannionadaíocht (cé nach raibh na figiúirí go díreach inchomórtais, toisc go mbaineann staitisticí an Daonáirimh le gnéas seachas le hinscne).




| Inscne | Gach iarratas | | Dámhachtainí | Iarratais neamhrathúla | Iarratais neamhbhailí | Daonáireamh 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Comhaireamh** | % | % | % | % | % |
| Baineann | 2786 | 56.0 | 57.6 | 57.0 | 42.7 | 50.6 |
| Fireann | 1926 | 38.7 | 36.4 | 38.4 | 50.7 | 49.4 |
| Neamh-dhénártha | 147 | 3.0 | 3.8 | 2.5 | 2.3 | - |
| B'fhearr liom gan a rá | 110 | 2.2 | 2.1 | 2.0 | 3.9 | - |
| Ní heol | 6 | 0.1 | 0.1 | 0.1 | 0.5 | - |
| Iomlán | 4975 | | 1916 | 2619 | 440 | 5,149,139 |

*Fíor 1: Miondealú na n-iarratas agus na ndámhachtainí de réir inscne*

Tá an iomarca ionadaíochta ag fir maidir le hiarratais i réimsí na hAiltireachta, na Scannánaíochta, na Litríochta (Gaeilge), an Cheoil, an Mhórthaibhsithe agus nEalaíon Sráide. Tá an iomarca ionadaíochta ag iarratasóirí baineanna i réimsí na Rannpháirtíochta sna hEalaíona, an tSorcais, an Damhsa, na Litríochta (Béarla), na nAmharc-ealaíon agus Daoine óga, páistí agus na healaíona.

Leagtar amach sa tábla thíos réimsí na n-éagsúlachtaí is mó maidir le hinscne sna hiarratais:

Ba iad na réimsí ba mhó inar dhiúltaigh formhór na n-iarratasóirí an inscne acu a lua ná Ceoldráma agus Litríocht (Gaeilge).

Ag breathnú ar luach iomlán na n-iarratas déanta ag daoine baineanna, fireanna agus neamh-dhénártha, tá siad a bheag ná a mhór comhréireach le foriomlán na n-iarratas (fíor 2).

- Seasann 3.2% de luach iomlán na n-iarratas do dhaoine a aithníonn mar neamh-dhénártha i gcoinne 4.6% de luach iomlán na ndámhachtainí.
- Seasann 56% de luach iomlán na n-iarratas d'iarratasóirí baineanna i gcoinne 56.5% de luach iomlán na ndámhachtainí.
- Seasann 38.3% de luach iomlán na n-iarratas d'iarratasóirí fireanna i gcoinne 36.4% de luach iomlán na ndámhachtainí.

| **Inscne** | **Sciar de luach iomlán na n-iarratas uile** | | **Sciar de luach iomlán na ndámhachtainí** | |
|---|---|---|---|---|
| | **Comhaireamh** | **%** | **Comhaireamh** | **%** |
| Baineann | 2786 | 56.0 | 1104 | 56.5 |
| Fireann | 1926 | 38.3 | 698 | 36.4 |
| Neamh-dhénártha | 147 | 3.2 | 72 | 4.6 |
| B'fhearr liom gan a rá | 110 | 2.4 | 40 | 2.1 |
| Ní heol | 6 | 0.1 | 2 | 0.2 |
| Iomlán | 4975 | | 1916 | |

*Fíor 2: Sciar de luach iomlán de réir inscne*

Nuair a dhéantar comparáid idir luach iomlán na n-iarratas, tá ionadaíocht ag faighteoirí baineanna, fireanna agus neamh-dhénártha atá comhréireach le foriomlán na n-iarratas a bronnadh.

Mar sin féin, nuair a chuirtear meánluach na n-iarratas agus na ndámhachtainí san áireamh, ar an meán, bíonn claonadh ag iarratasóirí neamh-dhénártha iarratas a dhéanamh le haghaidh suimeanna níos airde, rud atá le feiceáil i meánluach níos airde na n-iarratas a bronnadh (fíor 3).

- Tá meánluach na n-iarratas déanta ag iarratasóirí neamh-dhénártha níos airde (€9,821) i gcomparáid le hiarratasóirí baineanna (€9,057) agus fireanna (€8,926).

- Tá meánluach na ndámhachtainí bronnta níos airde chomh maith d'iarratasóirí neamh-dhénártha (€10,342), i gcomparáid le hiarratasóirí baineanna (€8,236) agus fireanna (€8,334).

| **Inscne** | **Comhaireamh** | **Meánluach an iarratais €** | | | **Meánluach na ndámhachtainí €** |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Gach iarratas** | **Gach iarratas** | **Iarratais neamhrathúla** | **Iarratais neamhbhailí** | **Dámhachtainí** |
| Baineann | 2786 | €9,057 | €9,327 | €11,726 | €8,236 |
| Fireann | 1926 | €8,926 | €8,845 | €11,034 | €8,334 |
| Neamh-dhénártha | 147 | €9,821 | €9,311 | €9,391 | €10,342 |
| B'fhearr liom gan a rá | 110 | €10,023 | €11,443 | €9,184 | €8,477 |
| Ní heol | 6 | €6,537 | €2,137 | €4,975 | €12,500 |
| Total | 4,975 | | 2,619 | 440 | 1,916 |

*Fíor 3: Meánluach de réir inscne*

### Foirm ealaíne agus inscne

Bhí iarratasóirí baineanna faoi ghannionadaíocht i gCeol (34.2%), Scannánaíocht (40%), na hEalaíona Traidisiúnta (40.7%), Ailtireacht (32.1%) agus Litríocht na Gaeilge (40.7%), cé go raibh 56% d'iarratasóirí thar réimse uile na n-ealaíon baineann. Bhí iarratasóirí baineanna faoi ghannionadaíocht maidir le dámhachtainí sna catagóirí céanna, agus i Rannpháirtíocht sna hEalaíona (39.6%), cé go raibh 68.3% d'iarratasóirí sa chatagóir sin baineann. (Fíor 12)

Bhí iarratasóirí fireanna faoi ghannionadaíocht sna hAmharc-ealaíona (29.2%), sa Sorcas (18.9%), agus i nDaoine óga, páistí agus na healaíona (26.4%), agus i scéimeanna de chuid Create (18%) agus Ealaíona agus Míchumas Éireann (31.8%),

| Foirm Ealaíne | Iarratasóirí Baineanna mar % den mhéid iomlán | Dámhachtainí Baineanna mar % den mhéid iomlán | Iarratasóirí Fireanna mar % den mhéid iomlán | Dámhachtainí Fireanna mar % den mhéid iomlán | Iarratasóirí Neamh-dhénártha mar % den mhéid iomlán | Dámhachtainí Neamh-dhénártha mar % den mhéid iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Na hEalaíona & Míchumas | 55.3 | 76.9 | 31.8 | 17.3 | 9.1 | 1.9 |
| Ailtireacht | 32.1 | 33.3 | 64.3 | 53.3 | ~ | ~ |
| Rannpháirtíocht sna hEalaíona | 68.3 | 39.6 | 26.8 | 52.1 | ~ | ~ |
| Sorcas | 75.8 | 73.2 | 18.9 | 22 | ~ | ~ |
| CREATE | 78.4 | 76.7 | 18 | 16.7 | ~ | ~ |
| Damhsa | 81.3 | 65.9 | 16.1 | 29.5 | ~ | ~ |
| Scannánaíocht | 40 | 39.7 | 55.1 | 60.3 | ~ | ~ |
| Litríocht (Béarla) | 61.8 | 59.1 | 33.6 | 36.4 | 2.6 | 2.8 |
| Litríocht (Gaeilge) | 40.7 | 42.9 | 48.1 | 42.9 | ~ | ~ |
| Ceol | 34.2 | 40.6 | 61.4 | 55.1 | 2.1 | 2.2 |
| Ceoldrámaíocht | 51.7 | 36.8 | 41.4 | 57.9 | ~ | ~ |
| Mórthaibhsiú | ~ | ~ | ~ | ~ | ~ | ~ |
| Ealaíona Sráide | 50 | 50 | 50 | 50 | ~ | ~ |
| Amharclannaíocht | 55.4 | 52.3 | 38.5 | 41.6 | 3 | 3.6 |
| Na hEalaíona Traidisiúnta | 40.7 | 76.9 | 57 | 19.2 | ~ | ~ |
| Na hAmharc-ealaíona | 64.9 | 64.9 | 29.2 | 27.9 | 3.6 | 5.1 |
| Daoine óga, páistí agus na healaíona | 67.8 | 60 | 26.4 | 20 | ~ | ~ |
| Móriomlán | 56.0 | 57.6 | 38.7 | 36.4 | 3.0 | 3.8 |

*Tabhair faoi deara: tugann ~ le fios go bhfuil an foriomlán níos lú ná 10.*

*Fíor 4: Iarratais agus dámhachtainí de réir inscne agus foirm ealaíne*

## Míchumas

Ar an iomlán, tá iarratasóirí agus faighteoirí a mhaíonn go bhfuil siad faoi mhíchumas faoi ghannionadaíocht i gcomparáid le daonra na hÉireann mar a cláraíodh i nDaonáireamh 2016. (2)

| Míchumas | Gach iarratas | | Dámhachtainí | Iarratais neamhrathúla | Iarratais neamhbhailí | 2016 Daonáireamh (3) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Comhaireamh | % | % | % | % | % |
| Duine a aithníonn mar dhuine faoi mhíchumas | 513 | 10.3 | 9.3 | 10.7 | 12.5 | 14.0% |
| Ní bhaineann le hábhar | 4099 | 84.4 | 83.8 | 82.1 | 78.2 | - |
| B'fhearr liom gan a rá | 338 | 6.8 | 6.5 | 6.7 | 8.4 | - |
| Ní heol | 25 | 0.5 | 0.4 | 0.5 | 0.9 | - |
| Iomlán | 4975 | | 1916 | 2619 | 440 | 2,619 |

*Fíor 5: Miondealú na n-iarratas agus na ndámhachtainí de réir míchumais*

Is mó seans chomh maith go gcuirfidh as an áireamh dóibh siúd a mhaíonn go bhfuil siad faoi mhíchumas (12.5%) i gcoinne dóibh siúd nach maíonn go bhfuil siad faoi mhíchumas.

Nuair a táthar ag breathnú ar luach iomlán na n-iarratas:

- Seasann 9.6% de luach iomlán na n-iarratas dóibh siúd a aithníonn mar dhaoine atá faoi mhíchumas i gcoinne 8.4% de luach iomlán na ndámhachtainí (fíor 6).

| Míchumas | Sciar de luach iomlán na n-iarratas uile | | Sciar de luach iomlán na ndámhachtainí | |
|---|---|---|---|---|
| | Comhaireamh | % | Comhaireamh | % |
| Duine a aithníonn mar dhuine faoi mhíchumas | 513 | 9.6 | 178 | 8.4 |
| Ní bhaineann le hábhar | 4099 | 82.5 | 1605 | 84.4 |
| B'fhearr liom gan a rá | 338 | 7.5 | 125 | 6.6 |
| Ní heol | 25 | 0.5 | 8 | 0.5 |
| Iomlán | 4975 | | 1916 | |

*Fíor 6: Sciar de luach na n-iarratas agus na ndámhachtainí de réir mhíchumais*

- Tá meánluach na n-iarratas a rinneadh ag daoine a aithníonn mar dhaoine atá faoi mhíchumas níos ísle ná mar atá dóibh nach n-aithníonn mar dhaoine atá faoi mhíchumas (€8,410 vs €9,047) (fíor 7).

- Tá meánluach na n-iarratas a bronnadh do dhaoine a aithníonn mar dhaoine atá faoi mhíchumas níos ísle ná mar atá dóibh nach n-aithníonn mar dhaoine atá faoi mhíchumas (€7,517 vs €8,422) (fíor 7).

| Míchumas | Comhaireamh | Meánluach an iarratais € | | | Meánluach na ndámhachtainí € |
|---|---|---|---|---|---|
| | Gach iarratas | Gach iarratas | Iarratais neamhrathúla | Iarratais neamhbhailí | Dámhachtainí |
| Duine a aithníonn mar dhuine faoi mhíchumas | 513 | €8,410 | €8,607 | €10,481 | €7,517 |
| Ní bhaineann le hábhar | 4099 | €9,047 | €9,126 | €11,380 | €8,422 |
| B'fhearr liom gan a rá | 338 | €10,018 | €10,721 | €11,059 | €8,636 |
| Ní heol | 25 | €8,921 | €9,306 | €6,187 | €9,662 |
| Iomlán | 4,975 | | 2,619 | 440 | 1,916 |

*Fíor 7: Meánluach de réir míchumais*

(2) Mar gheall ar athruithe daonáirimh 2022, tá sé níos dúshlánaí tagarmharc a dhéanamh ar mhíchumas i gcoinne figiúirí reatha náisiúnta, toisc go n-iarrtar ar an Daonáireamh méid an lagaithe a thabhairt seachas dúshlán féinfhógartha. Dá bhrí seo, úsáidtear figiúr an Daonáirimh 2016 anseo.
(3) Comhaireadh go difriúil míchumas i nDaonáireamh 2022 ná mar a rinneadh i nDaonáireamh 2016 agus léirítear ráta i bhfad níos airde (7.9% le míchumas de chineál suntasach, agus 13.6% le míchumas de chineál ar bith i gcoinne 14% i nDaonáireamh 2016). https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-cpsr/censusofpopulation2022-summaryresults/healthdisabilitycaringandvolunteering/

### Scéim Cheangal na nEalaíon agus an Mhíchumais

Dáileadh suim de luach €115,064 tríd an scéim seo chuig na hiarratasóirí uile a aithníonn mar dhaoine atá faoi mhíchumas (sheas sé sin do 8.6% de luach iomlán na ndámhachtainí chuig faighteoirí atá faoi mhíchumas: €1,330,625 san iomlán).

Sheas iarratasóirí baineanna a d'aithin mar dhaoine atá faoi mhíchumas do 55% d'iarratasóirí agus 58% de dhámhachtainí na bhfaighteoirí le haghaidh scéim Cheangal na nEalaíon agus an Mhíchumais agus fuair siad 63% de luach iomlán na ndámhachtainí.

### Foirm ealaíne agus míchumas

Tá roinnt leasuithe de dhíth ar na sonraí maidir leis an ráta íseal a bhí ann sa phróiseas iarratais agus sna dámhachtainí a bronnadh chun go mbeidh cosaint tugtha d'anaithnideacht na ndaoine i léiriú na hanailíse seo. Ní léirítear figiúirí ach amháin nuair atá níos mó ná 10 n-iarratasóir faoi mhíchumas agus nuair atá uimhir iomlán na ndámhachtainí os cionn 20. Léirítear athruithe beaga ach sonraíocha mar thráchtanna gan sonraí staitistiúil.

Bhí iarratasóirí a mhaígh go raibh siad faoi mhíchumas faoi ghannionadaíocht in 11 as 15 e na foirmeacha ealaíne, agus bhí an iomarca ionadaíochta acu i Litríocht (Béarla) (13.2%) agus i Scannánaíocht (10.7%) agus sa scéim Create (11.5%).

Ba é céatadán na n-iarratasóirí a chinn gan eolas a roinnt maidir le míchumas ná 6.8% ar an iomlán, leis na céatadáin ab airde i Litríocht (9.6%), i Scannánaíocht (8.3%), agus sa scéim Create (9.4%). Ba iad na huimhreacha ab airde ar an iomlán i gcatagóirí na nAmharc-ealaíon agus an Cheoil.

Bhí an líon ab airde d'iarratasóirí a d'fhógair nach raibh siad faoi mhíchumas sna taibhealaíona, amhail Damhsa (93.8%), Ceol (90.5%), ach sna hEalaíona Traidisiúnta agus san Ailtireacht chomh maith.

Bhí iarratasóirí a d'fhógair go raibh siad faoi mhíchumas faoi ghannionadaíocht maidir le dámhachtainí i Scannánaíocht agus Ceol (4~% araon). Bhí an ráta tiontaithe ó iarratas go dámhachtain ba mheasa le haghaidh iarratasóirí a d'fhógair go raibh siad faoi mhíchumas orthu i Scannánaíocht (10.7% go 4.2%), agus i Rannpháirtíocht sna hEalaíona, agus léiríonn an ráta íseal maidir le dámhachtainí i gCeol go raibh ráta íseal i gclárú iarratas. Bá é an ráta tiontaithe ab fhabhraí ná sna hAmharc-ealaíona (7.9% go 9%).

| Foirm Ealaíne | Míchumas liostaithe | | Gan aon mhíchumas | | B'fhearr liom gan a rá | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | % na n-iarratas | % na ndámhachtainí | % na n-iarratas | % na ndámhachtainí | % na n-iarratas | % na ndámhachtainí |
| ADI | 100 | 100 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Ailtireacht | ~ | ~ | ~ | ~ | ~ | ~ |
| Rannpháirtíocht sna hEalaíona | ~ | ~ | ~ | ~ | ~ | ~ |
| Sorcas | ~ | ~ | ~ | ~ | ~ | ~ |
| Create | 11.5 | 15.0 | 79.1 | 73.3 | 9.4 | 11.7 |
| Damhsa | ~ | ~ | ~ | ~ | ~ | ~ |
| Scannánaíocht | 10.7 | 4.2 | 80.5 | 85.4 | 8.3 | 10.4 |
| Litríocht (Béarla) | 13.2 | 13.6 | 76.6 | 75.2 | 9.6 | 10.8 |
| Litríocht (Gaeilge) | ~ | ~ | ~ | ~ | ~ | ~ |
| Ceol | 4.7 | 4.3 | 90.5 | 91.7 | 4.1 | 3.4 |
| Ceoldrámaíocht | ~ | ~ | ~ | ~ | ~ | ~ |
| Mórthaibhsiú | ~ | ~ | ~ | ~ | ~ | ~ |
| Ealaíona Sráide | ~ | ~ | ~ | ~ | ~ | ~ |
| Amharclannaíocht | 7.5 | 6.6 | 85.3 | 87.8 | 7.1 | 5.6 |
| Na hEalaíona Traidisiúnta | ~ | ~ | ~ | ~ | ~ | ~ |
| Na hAmharc-ealaíona | 7.9 | 9.0 | 83.9 | 83.7 | 7.6 | 6.6 |
| Daoine óga, páistí agus na healaíona | ~ | ~ | ~ | ~ | ~ | ~ |
| Móriomlán | 10.3 | 9.3 | 82.4 | 83.8 | 6.8 | 6.5 |

## Eitneacht

Bhí ionadaíocht dhíréireach ag daoine le cúlra geal maidir le hiarratasóirí agus faighteoirí dámhachtainí araon.

Sheas 78% d'iarratais agus 79% de dhámhachtainí d'iarratasóirí Éireannacha Geala. Nuair a chuirtear i gcomparáid le daonra na hÉireann, mar a léiríodh i nDaonáireamh 2022, tá sé sin beagáinín níos airde ná an phróifíl náisiúnta. Sheas 11% d'iarratasóirí do dhaoine le cúlraí Geala Eile sna hiarratais agus dámhachtainí araon, agus sheas 1% d'iarratasóirí do dhaoine Gorma nó Éireannacha Gorma sna hiarratais agus dámhachtainí, cosúil lena bpróifíl Daonáirimh. Tá Lucht Siúil na hÉireann (0.3%) agus Áiseach nó Éireannach de bhunús na hÁise (1.5%) faoi ghannionadaíocht i bpróifíl na n-iarratas i gcomparáid leis an Daonáireamh (fíor 7).

Ba ag iarratasóirí Gorma nó Éireannacha Gorma a raibh an ráta neamh-incháilithe ab airde (4.5%) i measc na ngrúpaí eitneacha uile (fíor 7) cé nach bhfuil iontu ach 1.7% d'iarratasóirí. Bhí an ráta neamh-incháilithe ard chomh maith i gcoibhneas le rátaí maidir le hiarratas a chlárú le haghaidh iarratasóirí de chúlraí 'Eile nó Measctha' (3.0%).

| Eitneacht | Gach iarratas | | Dámhachtainí | Iarratais neamhrathúla | Iarratais neamhbhailí | 2022 Daonáireamh |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Comhaireamh | % | % | % | % | % |
| Éireannach Geal | 3882 | 78.0 | 79.0 | 77.6 | 77.0 | 76.6 |
| Geal - Aon Chúlra Geal Eile | 569 | 11.4 | 11.2 | 12.2 | 8.0 | 10.2 |
| Bunús Eile nó Measctha | 123 | 2.5 | 2.5 | 1.3 | 3.0 | 1.7 |
| Gorm nó Éireannach Gorm | 83 | 1.7 | 1.5 | 2.3 | 4.5 | 1.5 |
| Áiseach nó Éireannach de bhunús na hÁise | 77 | 1.5 | 1.4 | 1.7 | 1.1 | 3.3 |
| Lucht Siúil na hÉireann | 14 | 0.3 | 0.3 | 0.2 | 0.9 | 0.6 |
| Ní heol | 39 | 0.8 | 0.6 | 0.8 | 1.1 | 6.2 |
| B'fhearr liom gan a rá | 188 | 3.8 | 3.6 | 3.8 | 4.3 | - |
| Iomlán | 4975 | | 1916 | 2619 | 440 | 5,149,139 |

*Fíor 8: Miondealú iarratas agus dámhachtainí de réir eitneachta*

- Seasann 77.3% de luach iomlán na n-iarratas do dhaoine a aithníonn mar Éireannach Geal, agus 79.2 % de luach iomlán na ndámhachtainí.
- Ba iad iarratasóirí Éireannacha Geala an t-aon ghrúpa eitneach amháin le luach níos airde i dtaobh comhréire de a fháil maidir le dámhachtainí ná mar a fuair siad le hiarratais. Bhí ráta neamhshuntasach níos airde ag Lucht Siúil na hÉireann atá Geal.

| Eitneacht | Sciar de luach iomlán na n-iarratas uile | | Sciar de luach iomlán na ndámhachtainí | |
|---|---|---|---|---|
| | Comhaireamh | % | Comhaireamh | % |
| Éireannach Geal | 3882 | 77.3 | 1511 | 79.2 |
| Geal - Aon Chúlra Geal Eile | 569 | 11.6 | 214 | 11.0 |
| Bunús Eile nó Measctha | 123 | 2.5 | 49 | 2.3 |
| Gorm nó Éireannach Gorm | 83 | 2.0 | 28 | 1.6 |
| Áiseach nó Éireannach de bhunús na hÁise | 77 | 1.9 | 27 | 1.8 |
| Lucht Siúil na hÉireann | 14 | 0.3 | 6 | 0.4 |
| Ní heol | 39 | 0.9 | 12 | 0.6 |
| B'fhearr liom gan a rá | 188 | 3.7 | 69 | 3.1 |
| Iomlán | 4975 | | 1916 | |

*Fíor 9: Sciar de luach na n-iarratas agus na ndámhachtainí de réir eitneachta*

- Is é €8,934 meánluach na n-iarratas ó iarratasóirí Éireannacha Geala, ach is é meánluach na ndámhachtainí ná €8,356 (fíor 9).

- Tagann an meánluach iarratas is airde ó dhaoine a aithníonn mar Áiseach nó Éireannach de bhunús na hÁise - Eile (€11,947), agus is leo siúd atá an meánluach is airde maidir le dámhachtainí (€11,914). Is ó iarratais de chuid iarratasóirí Gorma nó Gorm de bhunús na hÉireann - Afracach atá an dara meánluach iarratas is airde (€11,014), cé nach bhfuil an meánluach dámhachtain acu ach €9,799.

| Eitneacht | Comhaireamh | Meánluach an iarratais € | | | Meánluach na ndámhachtainí € |
|---|---|---|---|---|---|
| | Gach iarratas | Gach iarratas | Iarratais neamhrathúla | Iarratais neamhbhailí | Dámhachtainí |
| Éireannach Geal | 3882 | €8,934 | €9,007 | €11,034 | €8,356 |
| Geal - Aon Chúlra Geal Eile | 569 | €9,135 | €9,421 | €12,039 | €8,265 |
| Gorm nó Éireannach Gorm – Afracach | 64 | €11,014 | €12,075 | €10,391 | €9,799 |
| Gorm nó Éireannach Gorm – Aon chúlra Gorm eile | 19 | €9,725 | €10,000 | €8,750 | €10,040 |
| Áiseach nó Éireannach de bhunús na hÁise – Aon chúlra Áiseach eile | 66 | €11,947 | €12,488 | €8,244 | €11,914 |
| Áiseach nó Éireannach de bhunús na hÁise – Síneach | 11 | €7,310 | €7,833 | €0 | €6,793 |
| Lucht Siúil na hÉireann | 14 | €9,707 | €6,729 | €12,250 | €9,997 |
| Measctha | 83 | €9,843 | €9,432 | €16,444 | €8,352 |
| Eile | 40 | €8,578 | €8,006 | €18,333 | €7,461 |
| Ní heol | 39 | €10,257 | €10,986 | €10,772 | €8,288 |
| B'fhearr liom gan a rá | 188 | €8,947 | €9,546 | €10,802 | €7,507 |
| Iomlán | 4975 | | 2619 | 440 | 1916 |

*Fíor 10: Meánluach de réir eitneachta*

**Foirm ealaíne agus eitneacht**

Tá roinnt leasuithe de dhíth ar na sonraí maidir leis an ráta íseal a bhí ann sa phróiseas iarratais agus sna dámhachtainí a bronnadh chun go mbeidh cosaint tugtha d'anaithnideacht na ndaoine i léiriú na hanailíse seo. Cónascadh iarratasóirí de bhunadh eitneachta eile nach Éireannach Geal ná Geal Eile iad mar chatagóir aonair don chúis seo agus don chúis seo amháin. Tabhair faoi deara gur chatagóir an-inchineálach í go hinmheánach. Ní léirítear figiúirí ach amháin nuair atá níos mó ná 10 n-iarratasóir sa chatagóir eitneachta ábhartha agus nuair atá uimhir iomlán na ndámhachtainí os cionn 20. Léirítear athruithe beaga ach sonraíocha mar thráchtanna gan sonraí staitistiúil.

Sheas 78% de na hiarratasóirí agus 78.9% d'fhaighteoirí dámhachtainí d'iarratasóirí Éireannacha Geala. Tá an iomarca ionadaíochta ag iarratasóirí Éireannacha Geala i gcomparáid leis an meán náisiúnta i measc iarratasóirí in 8 gcatagóir, agus i measc faighteoirí dámhachtainí i 9 gcatagóir. Sheas tuairim is 11% d'iarratais agus faighteoirí dámhachtainí araon d'iarratasóirí de chúlraí Geala Eile. Bhí an iomarca ionadaíochta ag iarratasóirí Geala Eile go sonrach i measc iarratasóirí i Rannpháirtíocht sna hEalaíona, sa Sorcas, i nDamhsa, i Scannánaíocht agus i nDaoine óga, páistí agus na healaíona. Bhí an iomarca ionadaíochta ag daoine Éireannacha Geala agus Geala Eile i scéim na ndámhachtainí Ealaíne agus Míchumais. Ba é an ráta tiontaithe ba mhífhabhraí d'iarratasóirí Éireannacha Geala ná i Scannánaíocht, leis an gcatagóir chéanna mar chatagóir ab fhabhraí d'iarratasóirí Geala Eile.

Sheas 6 % de na hiarratasóirí uile agus 5.7% d'fhaighteoirí dámhachtainí d'iarratasóirí d'eitneachtaí eile. Ba iad na foirmeacha ealaíne a mheall an ráta ab airde d'iarratais ó iarratasóirí d'eitneachtaí eile ná Scannánaíocht (10.2%) agus Ceol (7.4%). Ba é an ráta tiontaithe ab mhífhabhraí do na hiarratasóirí seo ná i Scannánaíocht (10.2% go 6.3%). Bhí na rátaí ab airde maidir le bronnadh dámhachtainí le haghaidh iarratasóirí d'eitneachtaí eile i nDamsha (19.2%) agus i Rannpháirtíocht sna hEalaíona (9.1%), an dá ráta gar go maith do na rátaí iarratas dóibh araon.

Bhí éagsúlacht thar na heitneachtaí uile ab airde i scéim dámhachtainí de chuid Create agus ab ísle sna hEalaíona Traidisiúnta i measc na n-iarratasóirí agus na bhfaighteoirí dámhachtain araon.

| Foirm Ealaíne | ÉIREANNACH GEAL | | AON CHÚLRA GEAL EILE | | EITNEACHTAÍ EILE | | PNS / Ní heol | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | %na n-iarratas | % na ndámhachtainí | %na n-iarratas | % na ndámhachtainí | %na n-iarratas | % na ndámhachtainí | %na n-iarratas | % na ndámhachtainí |
| ADI | 81.1 | 92.0 | 12.1 | 8.0 | ~ | ~ | ~ | ~ |
| Ailtireacht | 85.7 | 89.5 | ~ | ~ | ~ | ~ | ~ | ~ |
| Rannpháirtíocht sna hEalaíona | 65.9 | 59.1 | 19.5 | 25.0 | 9.8 | 9.1 | 4.9 | 6.8 |
| Sorcas | 67.4 | 65.9 | 22.1 | 24.4 | ~ | ~ | ~ | ~ |
| Create | 49.6 | 50.0 | 17.3 | 11.7 | 30.2 | 31.7 | 2.9 | 6.7 |
| Damhsa | 56.3 | 51.9 | 20.5 | 21.2 | 17.9 | 19.2 | 5.4 | 7.7 |
| Scannánaíocht | 73.7 | 62.5 | 9.8 | 20.8 | 10.2 | 6.3 | 6.3 | 10.4 |
| Litríocht (Béarla) | 81.3 | 83.2 | 9.5 | 9.4 | 4.9 | 4.2 | 4.3 | 3.1 |
| Litríocht (Gaeilge) | 88.9 | 86.7 | ~ | ~ | ~ | ~ | ~ | ~ |
| Ceol | 80.4 | 82.5 | 8.5 | 7.4 | 7.4 | 6.2 | 3.7 | 4.0 |
| Ceoldrámaíocht | 82.8 | 85.7 | ~ | ~ | ~ | ~ | ~ | ~ |
| Mórthaibhsiú | ~ | ~ | ~ | ~ | ~ | ~ | ~ | ~ |
| Ealaíona Sráide | ~ | ~ | ~ | ~ | ~ | ~ | ~ | ~ |
| Amharclannaíocht | 81.3 | 82.7 | 9.9 | 8.6 | 4.0 | 5.6 | 4.8 | 3.0 |
| Na hEalaíona Traidisiúnta | 88.9 | 90.5 | 7.4 | 6.3 | ~ | ~ | ~ | ~ |
| Na hAmharc-ealaíona | 78.6 | 80.2 | 12.7 | 11.7 | 3.6 | 4.0 | 5.0 | 4.0 |
| Daoine óga, páistí agus na healaíona | 78.2 | 76.9 | 18.4 | 19.2 | ~ | ~ | ~ | ~ |
| Móriomlán | 78.0 | 78.9 | 11.4 | 11.2 | 6.0 | 5.7 | 4.6 | 4.2 |

*Tabhair faoi deara: tugann ~ le fios go bhfuil an foriomlán níos lú ná 10.*

## Tíreolaíocht (4)

In 2022, ba iad na contaetha ab fheiceálaí, maidir le hiarratais agus dámhachtainí de araon, ná: Baile Átha Cliath1, Corcaigh, Gaillimh. Ní ba shonraí fós, tháinig 59.1 % d'iarratais uile agus 61.4 % de dhámhachtainí uile as ceann amháin de na trí chontae seo.

- Tagann an sciar is airde d'iarratais ó Bhaile Átha Cliath, le 39.8% d'iarratais uile. Is ionadaíocht iomarcach é seo i gcoibhneas le sciar an daonra de chuid na hÉireann agus a bhfuil cónaí orthu i mBaile Átha Cliath (28%, fíor 10).

- Seasann 39.9 % de luach iomlán na n-iarratas agus 42.5% de luach iomlán na ndámhachtainí d'iarratais ó Bhaile Átha Cliath.

| Limistéar | Gach iarratas | | Dámhachtainí | Iarratais neamhrathúla | Iarratais neamhbhailí | Daonáireamh 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Comhaireamh | % | % | % | % | % |
| Ceatharlach | 37 | 0.7 | 0.6 | 0.9 | 0.5 | 1% |
| An Cabhán | 42 | 0.8 | 0.6 | 0.8 | 2.3 | 2% |
| An Clár | 132 | 2.7 | 1.8 | 3.3 | 2.5 | 2% |
| Corcaigh | 608 | 12.2 | 11.7 | 12.8 | 11.4 | 11% |
| Dún na nGall | 97 | 1.9 | 2.0 | 2.0 | 1.4 | 3% |
| Baile Átha Cliath | 1969 | 39.6 | 42.4 | 37.5 | 39.8 | 28% |
| Gaillimh | 365 | 7.3 | 7.3 | 7.6 | 6.1 | 6% |
| Ciarraí | 105 | 2.1 | 2.3 | 1.9 | 2.3 | 3% |
| Cill Dara | 167 | 3.4 | 3.1 | 3.4 | 3.9 | 5% |
| Cill Chainnigh | 87 | 1.7 | 1.8 | 1.6 | 2.5 | 2% |
| Laois | 27 | 0.5 | 0.4 | 0.6 | 0.7 | 2% |
| Liatroim | 41 | 0.8 | 0.8 | 0.8 | 0.9 | 1% |
| Luimneach | 158 | 3.2 | 3.3 | 3.1 | 3.0 | 4% |
| An Longfort | 16 | 0.3 | 0.1 | 0.5 | 0.5 | 1% |
| Lú | 83 | 1.7 | 2.0 | 1.5 | 1.1 | 3% |
| Maigh Eo | 117 | 2.4 | 2.2 | 2.4 | 2.3 | 3% |
| An Mhí | 98 | 2.0 | 1.9 | 2.1 | 1.6 | 4% |
| Muineachán | 15 | 0.3 | 0.2 | 0.4 | 0.5 | 1% |
| Uíbh Fhailí | 32 | 0.6 | 0.4 | 0.9 | 0.5 | 2% |
| Ros Comáin | 39 | 0.8 | 0.7 | 0.9 | 0.5 | 1% |
| Sligeach | 99 | 2.0 | 2.3 | 1.6 | 2.7 | 1% |
| Tiobraid Árann | 71 | 1.4 | 1.3 | 1.6 | 0.9 | 3% |
| Port Láirge | 77 | 1.5 | 1.3 | 1.7 | 1.8 | 2% |
| An Iarmhí | 50 | 1.0 | 0.7 | 1.2 | 1.1 | 2% |
| Loch Garman | 144 | 2.9 | 2.9 | 2.9 | 3.0 | 3% |
| Cill Mhantáin | 192 | 3.9 | 3.3 | 4.1 | 4.8 | 3% |
| Idirnáisiúnta | 104 | 2.1 | 2.4 | 1.9 | 1.6 | - |
| Ní heol | 3 | 0.1 | 0.0 | 0.1 | 0.2 | - |
| Iomlán | 4,975 | | 1,916 | 2,619 | 440 | 5,149,139 |

*Fíor 11: Iarratais agus dámhachtainí de réir tíreolaíochta*

Is é Baile Átha Cliath an contae leis an méid is iomarcaí d'ionadaíochta maidir le sciar na n-iarratasóirí i gcoibhneas le sciar an daonra. Tá an iomarca ionadaíochta de bheagán maidir le hiarratais ag Corcaigh, Cill Mhantáin, agus Sligeach chomh maith, mar a bhí siad in 2021. Tá an iomarca ionadaíochta ag an gClár maidir le hiarratais de ach faoi ghannionadaíocht maidir le dámhachtainí de. Tá na 20 contae eile faoi ghannionadaíocht maidir le hiarratais agus dámhachtainí de araon.

I gcoibhneas le líon na n-iarratas a cláraíodh, bhí na rátaí neamh-incháilithe ab airde i gcontaetha an Chabháin, Chill Chainnigh, agus Shligigh. Bhí na rátaí níos ísle neamh-incháilithe i Lú, i dTiobraid Árann agus i nDún na nGall.

Léiríonn dáileadh na ndámhachtainí de réir cúige ráta íseal d'iarratais agus dámhachtainí le haghaidh Ulaidh agus an Mhumhain i gcomparáid leis an daonra iontu.

| | **Iarratais** | **Dámhachtainí** | **Daonáireamh 2022** |
|---|---|---|---|
| Cúige Chonnacht | 13.3 | 13.3 | 11.5 |
| Cúige Laighean | 58.3 | 59.6 | 55.8 |
| Cúige Mumhan | 23.1 | 21.7 | 26.7 |
| Cúige Uladh | 3 | 2.8 | 6.1 |
| Iomlán | 97.7 | 97.4 | 100.1 |

*Fíor 12: Iarratasóirí agus dámhachtainí de réir cúige*

Bhí 103 iarratas ó lasmuigh d'Éirinn in 2022, suas ó 32 in 2021.

| **Tír** | **Iad uile** |
|---|---|
| Éire | 4602 |
| An Ríocht Aontaithe | 64 |
| Tíortha Eile an AE | 11 |
| Neamh-AE | 12 |
| Iomlán | 4704 |

*Fíor 13: Iarratasóirí de réir tír chónaithe*

(4) Tabhair faoi deara: i gcomhréir le Treoirlínte na Comhairle Ealaíon, ní foláir d'iarratasóirí a bheith ina gcónaitheoirí de chuid Phoblacht na hÉireann. Bíonn cásanna eisceachtúla ann nuair a ghlacann an Chomhairle Ealaíon le hiarratais incháilithe ó dhaoine nach cónaitheoirí de chuid Phoblacht na hÉireann iad. Sula n-admhódh an Chomhairle Ealaíon go bhfuil iarratas den sórt sin incháilithe, áfach, bheadh ar an gComhairle a bheith sásta go gcuirfeadh torthaí togra den sórt sin leis na healaíona i bPoblacht na hÉireann.

## Luach na dámhachtana

Bhí luach iarratais agus dámhachtana níos airde ná an meánluach ag trí chontae dhéag: Ceatharlach, Dún na nGall, Baile Átha Cliath, Gaillimh, Ciarraí, Cill Chainnigh, Liatroim, Luimneach, An Longfort, Lú, Ros Comáin, Tiobraid Árann, An Iarmhí. Ba é Baile Átha Cliath ab ísle dóibh maidir le luach iarratais agus dámhachtana araon.

Bhí meánluach iarratais agus dámhachtana níos airde ag iarratais idirnáisiúnta ná mar a bhí ag iarratais de chuid na hÉireann. Bronnadh 2.6% de dhámhachtainí ar iarratasóirí idirnáisiúnta. D'aithin 43% d'iarratasóirí idirnáisiúnta iad féin mar ealaíontóirí atá nuathagtha don ghairm.

| Contae | Suim Mheánach Iarrtha | Iomlán iarrtha | Céatadán iarrtha | Dámhachtain Mheánach | Iomlán na ndámhachtainí | Céatadán de luach iomlán na dámhachtana |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ceatharlach | €10,193 | €377,145 | 0.8 | €11,535 | €138,425 | 0.9 |
| An Cabhán | €8,080 | €339,377 | 0.8 | €6,009 | €72,107 | 0.5 |
| An Clár | €8,080 | €1,066,571 | 2.4 | €7,991 | €271,695 | 1.7 |
| Corcaigh | €8,589 | €5,196,061 | 11.6 | €8,266 | €1,818,417 | 11.4 |
| Dún na nGall | €10,214 | €990,800 | 2.2 | €8,110 | €316,308 | 2.0 |
| Baile Átha Cliath | €9,120 | €17,901,647 | 39.9 | €8,355 | €6,759,127 | 42.5 |
| Gaillimh | €9,160 | €3,306,895 | 7.4 | €8,458 | €1,141,868 | 7.2 |
| Ciarraí | €9,708 | €1,019,308 | 2.3 | €9,493 | €427,171 | 2.7 |
| Cill Dara | €7,836 | €1,293,000 | 2.9 | €8,049 | €466,843 | 2.9 |
| Cill Chainnigh | €9,227 | €793,522 | 1.8 | €8,826 | €291,272 | 1.8 |
| Laois | €10,156 | €274,210 | 0.6 | €6,109 | €42,760 | 0.3 |
| Liatroim | €10,046 | €411,885 | 0.9 | €8,745 | €139,922 | 0.9 |
| Luimneach | €8,925 | €1,410,130 | 3.1 | €8,082 | €509,140 | 3.2 |
| An Longfort | €9,764 | €156,224 | 0.3 | €13,750 | €27,500 | 0.2 |
| Lú | €9,067 | €743,480 | 1.7 | €8,544 | €324,655 | 2.0 |
| Maigh Eo | €8,853 | €1,035,845 | 2.3 | €8,688 | €373,571 | 2.4 |
| An Mhí | €8,635 | €846,207 | 1.9 | €8,359 | €309,273 | 1.9 |
| Muineachán | €6,615 | €92,615 | 0.2 | €4,773 | €14,320 | 0.1 |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Uíbh Fhailí | €9,446 | €302,264 | 0.7 | €7,999 | €55,995 | 0.4 |
| Ros Comáin | €8,467 | €330,232 | 0.7 | €8,456 | €109,930 | 0.7 |
| Sligeach | €8,133 | €797,063 | 1.8 | €8,489 | €382,013 | 2.4 |
| Tiobraid Árann | €9,883 | €701,724 | 1.6 | €9,122 | €228,057 | 1.4 |
| Port Láirge | €8,310 | €639,853 | 1.4 | €5,943 | €148,567 | 0.9 |
| An Iarmhí | €9,370 | €468,518 | 1.0 | €10,255 | €133,320 | 0.8 |
| Loch Garman | €8,901 | €1,281,703 | 2.9 | €8,390 | €469,865 | 3.0 |
| Cill Mhantáin | €9,707 | €1,863,792 | 4.2 | €7,960 | €509,447 | 3.2 |
| Idirnáisiúnta | €11,412 | €1,175,461 | 2.6 | €8,898 | €409,313 | 2.6 |
| Ní heol | €1,750 | €3,500 | 0.0 | €0 | €0 | 0.0 |
| Iomlán | €9,048 | €44,819,029 | 100.0 | €8,364 | €15,890,881 | 100.0 |

*Fíor 14: Luach an iarratais agus na dámhachtana de réir tíreolaíochta*

## Tíreolaíocht agus inscne

Cé go raibh cóimheas náisiúnta de 1.4 de mhná i gcoinne fir maidir le hiarratais de, bhí sciar i bhfad níos airde d'iarratais ó iarratasóirí baineanna i gcontaetha faoi leith.

San Iarmhí, bhí trí oiread d'iarratasóirí baineanna mar a bhí iarratasóirí fireanna, agus i gCill Chainnigh agus Maigh Eo, bhí dhá oiread. Bhí 46% d'iarratasóirí neamh-dhénártha i mBaile Átha Cliath, agus 20% sa bhreis i gCorcaigh agus i nGaillimh agus iad curtha le chéile.

## Tíreolaíocht agus eitneacht

Tá eitneacht dáilte go míchothrom i measc iarratasóirí de réir contae. Léiríonn sé sin, ar bhealach, dáileadh míchothrom maidir le grúpaí eitneachtaí trasna na tíre mar a léiríodh i nDaonáireamh 2022. Ach nuair a chuirtear i gcoibhneas go garbh le figiúirí Dhaonáirimh 2022 maidir le daoine a rugadh lasmuigh d'Éirinn (5), tá sé soiléir go bhfuil eitneachtaí na n-iarratas ag teacht salach ar phróifíl eitneachta nó náisiúnta an daonra i gcontaetha faoi leith. Mar sin, mar shampla, tá ráta de 13.9% ag an gcontae leis an sciar is ísle dá dhaonra a rugadh lasmuigh d'Éirinn (Cill Chainnigh), le hionadaíocht ó Gheal Eile agus eitneachtaí eile a d'fhéadfadh go mbeadh sé sin le feiceáil san fhigiúir, ach is é is dóichí ná gur asluiteach é Ceatharlach, le daonra a rugadh lasmuigh d'Éirinn de 16.8%, ach ráta 97.3% maidir le hiarratasóirí atá Geal Éireannach.

(5) Daonra cónaitheach de ghnáth agus i láthair sa Stát, rugadh sa tír atá mar ghnátháit chónaithe acu, in áit eile sa Stát nó i dtír eile, 2022, https://data.cso.ie/table/F1052. Níl figiúirí ar dháileadh eitneachta foilsithe go fóill (13 Iúil 2023)
Sa tuarascáil seo cuimsítear i gContae Bhaile Átha Cliath Dún Laoghaire - Ráth an Dúin, Fine Gall agus Baile Átha Cliath Theas. Cuimsítear i nGaillimh an Chathair agus an Contae. Cuimsítear i gCorcaigh an Chathair agus an Contae.

| Contae | ÉIREANNACH GEAL | AON CHÚLRAGEAL EILE | EITNEACHTA EILE | PNS / Ní heol |
|---|---|---|---|---|
| Náisiúnta | 78.0 | 11.4 | 6.0 | 0.0 |
| Ceatharlach | 97.3 | 0.0 | 2.7 | 7.1 |
| An Cabhán | 66.7 | 14.3 | 11.9 | 5.3 |
| An Clár | 77.3 | 14.4 | 3.0 | 7.1 |
| Corcaigh | 72.7 | 14.8 | 5.4 | 2.1 |
| Dún na nGall | 89.7 | 6.2 | 2.1 | 4.5 |
| Baile Átha Cliath | 76.3 | 11.5 | 7.8 | 4.7 |
| Gaillimh | 73.4 | 17.3 | 4.7 | 2.9 |
| Ciarraí | 72.4 | 16.2 | 2.9 | 3.0 |
| Cill Dara | 86.2 | 5.4 | 5.4 | 6.9 |
| Cill Chainnigh | 80.5 | 9.2 | 3.4 | 7.4 |
| Laois | 74.1 | 11.1 | 7.4 | 7.3 |
| Liatroim | 80.5 | 12.2 | 0.0 | 3.2 |
| Luimneach | 82.3 | 7.0 | 7.6 | 0.0 |
| An Longfort | 87.5 | 12.5 | 0.0 | 2.4 |
| Lú | 75.9 | 8.4 | 13.3 | 1.7 |
| Maigh Eo | 88.0 | 8.5 | 1.7 | 8.2 |
| An Mhí | 84.7 | 5.1 | 2.0 | 6.7 |
| Muineachán | 73.3 | 13.3 | 6.7 | 6.3 |
| Uíbh Fhailí | 84.4 | 3.1 | 6.3 | 5.1 |
| Ros Comáin | 87.2 | 5.1 | 2.6 | 4.0 |
| Sligeach | 68.7 | 24.2 | 3.0 | 0.0 |
| Tiobraid Árann | 83.1 | 15.5 | 1.4 | 0.0 |
| Port Láirge | 83.1 | 10.4 | 3.9 | 4.0 |
| An Iarmhí | 84.0 | 6.0 | 6.0 | 1.4 |
| Loch Garman | 87.5 | 6.3 | 4.2 | 1.6 |
| Cill Mhantáin | 85.9 | 6.3 | 4.7 | 0.0 |
| Iomlán | 78.0 | 11.4 | 6.0 | 7.1 |

Fíor 15: Eitneacht na n-iarratasóirí de réir tíreolaíochta

### Tíreolaíocht agus míchumas

Go náisiúnta, d'fhógair 10.3% d'iarratasóirí go raibh siad faoi mhíchumas. Na rátaí ab airde in Uíbh Fhailí, le ráta níos airde ná dhá oiread an meán náisiúnta (21.9%) agus i bPort Láirge, i dTiobraid Árann agus san Iarmhí, áiteanna ina raibh sciar na n-iarratasóirí áitiúla ag fógairt go raibh siad faoi mhíchumas beagnach dhá oiread níos airde ná an meán náisiúnta (18~% na contaetha uile).

Bhí an sciar ab airde de dhaoine ag maíomh nach raibh siad faoi mhíchumas i Muineachán (93.3%), Liatroim (90.2%) agus Ros Comáin (89.7%), i gcomparáid leis an meán náisiúnta de 82.4%. Bhí an ráta ba mhó de dhaoine ar fhearr leo 'gan a rá' i dtrí chontae tuaithe.

## Iniúchadh a dhéanamh ar idirmhíreanna sna sonraí

### Inscne agus Eitneacht

Sheas 40 % d’iarratasóirí Éireannacha Geala d’iarratasóirí fireanna, 30% d’iarratasóirí Geala Eile, agus 27% d’iarratasóirí Áiseacha nó Éireannach de bhunús na hÁise. Bhí siad níos coitianta ná iarratasóirí baineanna, ó iarratasóirí de chuid na ngrúpaí eitneachta Gorma nó Éireannach Gorm (55%) agus Lucht Siúil na hÉireann (64%), agus beagáinín níos airde ná iarratasóirí baineanna i measc dóibh ar fhearr leo gan eolas a roinnt maidir lena gcúlra eitneachta (31% go 27%).

Ba lú seans a bhí ag iarratasóirí baineanna le bheith rathúil i gcomparáid le hiarratasóirí fireanna ón ngrúpa eitneacha céanna nuair a d’aithin siad féin mar Éireannach Geal (49%), Gorm nó Éireannach Gorm (43%), Eile (44%) nó nuair nár luadh eitneacht (34%). Ba mhó rath a bhí ag iarratasóirí baineanna ó ghrúpaí Áiseach nó Éireannach de bhunús na hÁise (76%), Geal Eile (61%), Measctha (57%) nó Lucht Siúil na hÉireann (55 %) ná mar a bhí ag iarratasóirí fireanna ó na grúpaí céanna.

Ba mhó seans go measfadh mar neamh-incháilithe iarratasóirí fireanna a d’aithin mar chuid de ghrúpaí Lucht Siúil na hÉireann (44%) nó Gorm nó Éireannach Gorm – Afracach (28%).

### Inscne agus Míchumas

I measc na n-iarratasóirí a d’fhógair go raibh siad faoi mhíchumas, ba mhó seans go measfadh iarratasóirí fireanna mar neamh-incháilithe agus ba mhó seans go mbronnfaí dámhachtain orthu i gcomparáid le hiarratasóirí baineanna nó neamh-dhénártha, grúpaí a roinn próifíl an-chosúil lena chéile.

Níor fhógair ach 9% d’iarratasóirí fireanna go raibh siad faoi mhíchumas i gcomparáid le 11.8 % d’iarratasóirí baineanna agus 36% d’iarratasóirí neamh-dhénártha. B’fhearr le 4 % d’iarratasóirí fireanna, 6% d’iarratasóirí baineanna, agus 13% d’iarratasóirí neamh-dhénártha gan a rá maidir le bheith faoi mhíchumas.

## Comparáid Sonraí 2021-2022

### Líon Iomlán na n-Iarratas agus na nDámhachtainí

| Iarratais | 2021 | 2022 | Athrú |
|---|---|---|---|
| Líon Iomlán na n-Iarratas | 6,218 | 4975 | -20% |
| Luach Iomlán na n-Iarratas | €57,177,905 | €44,819,029 | -22% |
| Meánluach an Iarratais | €9,442 | €9047 | -4% |

| Dámhachtainí | 2021 | 2022 | Athrú |
|---|---|---|---|
| Iomlán na nDámhachtainí | 2,474 | 1916 | -29% |
| Luach Iomlán na nDámhachtainí | €18,767,355 | €15,918,130 | -15% |
| Meánluach na nDámhachtainí | €7,586 | €8,342 | +10% |

### Inscne

| Iarratais | 2021 | 2022 | Athrú | Daonáireamh 2022 |
|---|---|---|---|---|
| Baineann | 56% | 56 | 0% | 50.6% |
| Fireann | 40% | 38.7 | -1.3% | 49.4% |
| Neamh-dhénártha | 2% | 3.0 | +1.0% | - |
| B'fhearr liom gan a rá | 1% | 2.2 | +1.2% | - |

| Dámhachtainí | 2021 | 2022 | Athrú | Daonáireamh 2022 |
|---|---|---|---|---|
| Baineann | 59% | 57.6 | -1.4% | 50.6% |
| Fireann | 36% | 36.4 | +0.4% | 49.4% |
| Neamh-dhénártha | 2% | 3.8 | +1.8% | - |
| B'fhearr liom gan a rá | 2% | 2.1 | +0.7% | - |

## Míchumas

| Iarratais | 2021 | 2022 | Athrú | Daonáireamh 2016 |
|---|---|---|---|---|
| Sea | 7% | 10.3 | +3.3 | 14.0% |
| Ní bhaineann le hábhar | 87% | 82.4 | -4.6 | - |
| B'fhearr liom gan a rá | 6% | 6.8 | +0.8 | - |

| Dámhachtainí | 2021 | 2022 | Athrú | Daonáireamh 2016 |
|---|---|---|---|---|
| Sea | 7% | 9.3 | +2.3 | 14.0% |
| Ní bhaineann le hábhar | 87% | 83.7 | -3.3 | - |
| B'fhearr liom gan a rá | 6% | 6.5 | +0.5 | - |

## Eitneacht

| Iarratais | 2021 | 2022 | Athrú | Daonáireamh 2022 |
|---|---|---|---|---|
| Éireannach Geal | 79% | 78.0% | -1% | 76.6% |
| Geal - Aon Chúlra Geal Eile | 11% | 11.4% | +0.4% | 10.2% |
| Bunús Eile nó Measctha | 1.5% | 2.5 | +1% | 1.7% |
| Gorm nó Éireannach Gorm | 1.9% | 1.7% | -0.2% | 1.5% |
| Áiseach nó Éireannach de bhunús na hÁise | 1.3% | 1.5% | +0.2% | 3.3% |
| Lucht Siúil na hÉireann | 0.4% | 0.3% | -0.1% | 0.6% |
| Ní heol | 0.9% | 0.8% | -0.1% | 6.2% |
| B'fhearr liom gan a rá | 3.1% | 3.8% | +0.7% | |

| Dámhachtainí | 2021 | 2022 | Athrú | Daonáireamh 2022 |
|---|---|---|---|---|
| Éireannach Geal | 80% | 78.9% | -1.1% | 76.6% |
| Geal - Aon Chúlra Geal Eile | 11% | 11.2% | +0.2% | 10.2% |
| Bunús Eile nó Measctha | 1.6% | 2.5% | +0.9% | 1.7% |
| Gorm nó Éireannach Gorm | 1.5% | 1.5% | 0% | 1.5% |
| Áiseach nó Éireannach de bhunús na hÁise | 1.5% | 1.4% | -0.1% | 3.3% |
| Lucht Siúil na hÉireanN | 0.4% | 0.3% | -0.1% | 0.6% |
| Ní heol | 0.6% | 0.6% | 0% | 6.2% |
| B'fhearr liom gan a rá | 3.1% | 3.6% | +0.5% | |